



Plean chun teacht ar ais ar scoil le taobh COVID-19.

Cuireadh an plean le chéile chun an pobal scoile a choimeád slán sábháilte agus muidne ag teacht ar ais ar scoil tar éis na treimhse éigeandála.

GINEARÁLTA

- **Tá freagracht phearsanta ar gach ball de phobal na scoile as a n-iompar féin.**
- Is é an treo **is fearr chun bac a chur ar scaipeadh** an víris ná do lámha a ní go rialta, achar sóisialta a leanúint agus clúdaigh aghaidhe a chaitheamh.
- Tá iallach ar dhaltaí, tuismitheoirí agus muinteoirí bheith ar an eolas faoi na yreoracha an Rialtais.
- Buailfidh foireann bainistíochta na scoile a bhfuil freagracht orthu ar chúrsaí COVID-19 le céile go rialta. Coinneoidimid i dteangmháil le tuismitheoir ar shuíomh gréasáin na scoile agus trí rphost.
- **Níl cead ag aon duine a thaistil ó thír nach bhfuil ar an liosta “glas” teacht ar scoil go dtí go bhfuil coicís caite acu sa bhaile i bhfad ó gach duine eile.**
- Beimid ag úsáid cód iompair na scoile agus treoracha na Roinne (RO) agus muid ag plé le haon duine nach leanann na rialacha tábachtachta seo...

ÉADAÍ

- Tá ar gach múinteoir agus dalta **clúdach aghaidhe** a chaitheamh taobh istigh agus ar an mbus. Moltar go n-áthraíonn na daltaí é gach lá. Is féidir mascanna cadáis atá in-athúsáidte agus in-nite a úsáid. (Níl éisceacht ar bith sna treoirínte ón RO gan aon chlúdach aghaidhe a chaitheamh. Má tá deacracht chéadfach ag do mhacsa nó d'iníonsa, déan teagmháil linn agus oibreoimid leat chun an fhadhb a réiteach lastigh de na treoirínte)

- Níor cheart do lámh a leagadh ar d'aghaidh, do shrón, do shúile nó do bhéal, nó ar dhuine eile.
- Bí cinnte go gcuireann tú aon chiarsúr atá salach i mbosca bruscair a bhfuil clúdach air
- Níl ar dhaltaí a n-éadaí scoile a ní gach oíche.
- Is féidir le daltaí teacht isteach in éadaí spóirt na scoile ar an lá a bhíonn corpoideachas acu. Moltar athrú t-léine a bheith acu ar na laethanta seo.
- Níl cead ag na daltaí rudaí a thabhairt nó a fháil ar iasacht ó dhaltaí eile: pinn, cóipleabhair, leathanaigh A4, málaí... Ba cheart go mbeadh an trealamh ceart ag gach dalta. Ní féidir bia, nó deochanna nó éadaí a roinnt ach oiread.

ATHRUITHE SA SCOIL DE BHARR NA TREOIRLÍNTE

- Tá 16 stáisiún díghlarán lámh timpeall na scoile. Beidh ar dhaoine iad a úsáid nuair a thagann siad isteach agus iad ag dul amach. Beidh díghlarán lámh breise ag múinteoirí sa rang agus is **féidir le daltaí ceann pearsanta a choiméad ina gcás pinn luaidhe féin.**
- Ba cheart do gach dalta a lámha a ní:
 - Nuair a thagann siad isteach ar maidin agus tar éis gach rang
 - sula n-itheann/n-ólann siad
 - tar éis an leithreas a úsáid
 - tar éis a bheith ag imirt taobh amuigh/ nuair atá a lámha salach
 - tar éis a bheith ag casacht nó ag sraothartach
 - ag fágáil na scoile
 - tar éis a bheith le duine a bhfuil comhartha Covid-19 orthu

Seo nasc ón HSE ag taispeáint conas do lámha a ghlanadh i gceart

<https://www.youtube.com/watch?v=IsgLivAD2FE>

- Fostaíodh glantóir sa bhreis teacht isteach gach lá scoile ó 11am go dtí a 3in chun an scoil a choiméad glan.
- Beidh córas aonbhealaigh i bhfeidhm timpeall na scoile nuair atá sé indéanta. Beidh ar gach duine an córas seo a leanúint.
- Beidh deis ag daltaí a t(h)aisceadán a úsáid. Ní cóir go mbeadh daltaí ag crocadh timpeall in aice leo, Molaimid a bheith ag an taisceadáin corrúair más féidir. Déanfaidh múinteoirí a ndícheall cinntiú nach bhfuil ach iPad agus cóipleabhar in úsáid sa rang chomh fada agus is féidir.
- Beidh lón agus sos taobh amuigh chomh fada agus is féidir.
- Fanfaidh daltaí in a seomra féin le haghaidh fórmhór na ranganna agus beidh múinteoirí ag bogadh ó rang go rang.
- Fágfaimid na fuinneoga agus doirse ar oscailt sna seomraí ranga.
- Beidh go leor athruithe ó thaobh múineadh agus foghlaim de de bharr na treoirlínte.

- Beidh a s(h)uíochán féin ag gach dalta ar an mbus.
- Tá póstaer agus comharthaí ar an úrlár timpeall na scoile a bhfuil eolas faoi shláinteachas, ag casacht agus ag sraothartach orthu. Tá na comharthaí ann chun a mheabhrú dúinn go gcaithfidh achar sóisialta a bheith ann.

CÁS COVID 19 IN AMHRAS

1)

- **Ná seol daltaí ar scoil má tá siomptóim de COVID-19 orthu. [fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn), casacht - d'fhéadfadh casacht de chineál ar bith a bheith i gceist anseo, ní casacht tirim amháin, gearranáil nó deacrachtaí anáilaithe, cailteanas nó athrú ar do chumas boladh nó blas a fháil, comharthaí ar nós an fhliú]**

• Má tá siomptóim de COVID-19 ar duine ar scoil. [fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn), casacht - d'fhéadfadh casacht de chineál ar bith a bheith i gceist anseo, ní casacht thirim amháin, gearranáil nó deacrachtaí anáilaithe, cailteanas nó athrú ar do chumas boladh nó blas a fháil, comharthaí ar nós an fhliú] tógfar go seomra ina (h)aonar iad. Beidh an scoil i dteagmháil leat ansin faoi theacht agus é/í a bhailiú. Ansin, beidh orthu fanacht sa bhaile go dtí go bhfuil tú cinnte nach bhfuil an víreas orthu.

- **I gcás ina bhfuil tástáil dhearfach COVID 19 sa teach, déan dteagmháil linn láithreach.** Labhróimid leis an HSE agus déarfadh na saineolaithe linn faoi cén bealach a leanfaimid ar aghaidh

2)

• Agus tú ag teacht isteach sa scoil bí cinnte go n-úsáideann tú díghalrán lámh. Úsáid arís é agus tú ag imeacht

- **Caithfidh cruinniú ag bheith ag tuismitheoirí, caomhnóirí agus cuairteoirí chun teacht isteach sa scoil**

- Caithfidh achar soisialta a bheith i bhfeidhm an t-am ar fad sa scoil
- Tá masc nó clúdach aghaidhe de dhíth ar gach cuairteoir sa scoil.

TACAÍOCHTAÍ BREISE

• Beidh deis ag daltaí scéal agus scaipeadh an víris a phlé ag tús an ranga OSPS gach seachtain. Beidh tacaíochtaí ann agus eolas cruinn faoi na treoirínte, buairt na ndaltaí agus aon rud eile.

• Beidh Daithí Ó Giannáin ar fáil do dhaltaí má tá tacaíocht breise uathu, buairt orthu faoi dhaoine nach leanann na treoracha, nach bhfuil dáileoir díghalrán lámh ag obair nó aon rud eile a bhaineann le COVID 19.

- Is í an scoil an áit is fearr **chun foghlaim agus chun tacaíocht a fháil**. Ba chóir go dtagann gach dalta ar scoil nuair nach bhfuil siomptóim COVID 19 orthu.
- Beidh brú mór ar mhúinteoirí teacht agus múineadh lastigh de na treoirlínte. Beidh go leor pleanáil breise á dhéanamh acu. Déanfaidh múinteoirí a ndícheall ach ní féidir leo obair a chur ar fáil do dhaltaí a dhéanann an cinneadh fanacht sa bhaile.
- Is féidir le daltaí agus tuismitheoirí rphost a sheoladh chuig muinteoir_david@meanscoilgharman le ceisteanna. Mar chuid den chumarsáid le tuismitheoirí, beidh rannóg cheisteanna choitianta ar an suíomh agus beidh Daithí á n-uasdátú go rialta.